



**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Chéad Dlísheomra) an 20 Samhain 2025 (iarraidh ar réamhrialú ó Stockholms tingsrätt – an tSualainn) – Staten genom Sjöfartsverket v Stockholms Hamn AB**

(Cás C-401/24, <sup>(1)</sup> Stockholms Hamn)

*(Tarchur chun réamhrialú – Státchabhair – Comhaontú a tugadh i gcrích roimh aontachas Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach – Cúiteamh as caillteanas ioncaim a eascraíonn as díothú táillí pasáiste le haghaidh loc – Coincheap na cabhrach – Coincheap an ghnóthais – Gníomhaíocht eacnamaíoch – Cabhair nua nó cabhair atá ann faoi láthair)*

(C/2026/267)

Teanga an cháis: an tSualainnis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Stockholms tingsrätt

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Staten genom Sjöfartsverket

*Cosantóir:* Stockholms Hamn AB

**An chuid oibríochtúil**

- 1) Maidir le hAirteagal 107(1) CFAE, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:  
gur Státchabhair é cúiteamh bliantúil arna íoc faoi chomhaontú ina n-úsáidtear acmhainní Stáit ag údarás poiblí le cuideachta comhstoic bhardasach mar chúiteamh ar ghnóthas na cuideachta sin seirbhís glasála a sholáthar saor in aisce ar uiscebhealach, a bhí faoi réir táille sular tugadh an comhaontú sin i gcrích, más féidir an chuideachta sin a mheas mar ghnóthas agus má thugann an cúiteamh sin buntáiste di nach bhfaigheadh sí faoi ghnáthdhálaí an mhargaidh.
- 2) Maidir le hAirteagal 1(b)(i) agus (c) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le hAirteagal 108 [CFAE] a chur i bhfeidhm, ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:  
ag glacadh leis gur cabhair é, de réir bhrí Airteagal 107(1) CFAE, ar cuireadh síneadh 5 bliana lena híoc, i gcomhréir le téarmaí bunaidh an chomhaontaithe lenar tionscnaíodh é, in éagmais fhoirceannadh an chomhaontaithe sin agus ar athraíodh a mhéid, ar thaobh amháin, go bliantúil, ar bhonn an innéacs praghsanna do thomhaltóirí agus, ar an taobh eile, ar dhul in éag gach tréimhse 5 bliana, de réir mhéid an tráchta lena mbaineann, de réir foirmle a leagtar amach sa chomhaontú bunaidh agus atá fágtha gan athrú le himeacht ama, is cabhair atá ann cheana é.

<sup>(1)</sup> IO C, C/2024/4849.